



2025/2181

30.10.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/2181 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Deireadh Fómhair 2025

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a mhéid a bhaineann le ceanglais maidir le hola chócaireachta úsáidte a allmhairiú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 41(3), an chéad fhomhír agus an tríú fhomhír, agus Airteagal 42(2), pointí (b) agus (d) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún ⁽²⁾, leagtar síos bearta cur chun feidhme maidir leis na rialacha sláinte poiblí agus na rialacha sláinte ainmhithe i leith seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe chun rioscaí a eascraíonn as na táirgí sin don tsláinte phoiblí agus do shláinte ainmhithe a chosc agus a íoslaghdú. Baineann na bearta cur chun feidhme sin le gach gné den slabhra seachtháirgí ainmhithe ó ghiniúint go húsáid deiridh nó diúscairt lena n-áirítear seachtháirgí ainmhithe a bhailiú, a láimhseáil agus a iompar, mar aon leis na coinníollacha maidir le seachtháirgí ainmhithe allmharaith agus táirge díorthaithe a chur ar an margadh.
- (2) Chun trádáil idirnáisiúnta in ola chócaireachta úsáidte a éascú, is gá ceanglais chomhchuibhithe a leagan síos maidir lena hallmhairiú isteach san Aontas.
- (3) Meastar gur dramhaíl lónadóireachta í ola chócaireachta úsáidte a bhfuil feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 maidir léi, mar a fhoráiltear di in Airteagal 2(2), pointe (g)(iii), den Rialachán sin, nuair atá sí ceaptha lena próiseáil trí steiriliú brú nó lena próiseáil trí mhodhanna dá dtagraítear in Airteagal 15(1), an chéad fhomhír, pointe (b), den Rialachán sin nó lena claochlú go bithghás nó le haghaidh múiríní. I gcás ina bhfuil ola chócaireachta úsáidte nó aon táirge a dhíorthaítear uathí beartaithe le haghaidh na n-oibríochtaí faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (g)(iii), den Rialachán sin, rialaítear allmhairiú, iompar, cóireáil agus úsáid na hola cócaireachta úsáidte sin ina dhiaidh sin leis an Rialachán sin.
- (4) Ola chócaireachta úsáidte, cé is moite de dhramhaíl lónadóireachta de thionscnamh modhanna iompair a oibríonn go hidirnáisiúnta, is ábhar de chatagóir 3 í de bhun Airteagal 10, pointe (p), de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009. Ola chócaireachta úsáidte nach bhfuil ábhair de bhunadh ainmhíoch inti nó nach bhfuil comhdhéanta d'ábhair de bhunadh ainmhíoch, ní thagann sí faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009.
- (5) Codán sailleach de dhramhaíl lónadóireachta is ea ola chócaireachta úsáidte agus is ola í. Ba cheart sainmhíniú ar ola chócaireachta úsáidte a chur le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 chun raon feidhme na gceanglas a fhoráiltear maidir leis na hallmhairí ola cócaireachta úsáidte a shoiléiriú.

⁽¹⁾ IO L 300, 14.11.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1069/oj>.

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena gcuirtear chun feidhme Treoir 97/78/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le samplaí agus itimí áirithe atá díolmhaithe ó sheiceálacha tréidliachta ag an teorainn faoin Treoir sin (IO L 54, 26.2.2011, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/142/oj>).

- (6) Ábhar tosaigh chun breoslaí in-athnuaite, bithdhíosal nó táirgí oiléheimiceacha a tháirgeadh is ea ola chócaireachta úsáidte. Chun rioscaí don tsláinte phoiblí agus do shláinte ainmhithe a bhaineann le hola chócaireachta úsáidte a chosc agus a íoslaghdú, ba cheart ceanglais ábhartha d'allmhairí ola cócaireachta úsáidte a leagan amach, lena n-áirítear srianta sláinte ainmhithe, liosta de thríú tíortha óna bhféadfar ola chócaireachta úsáidte a allmhairiú, deimhniú caighdeánach a bheidh ag gabháil le coinsíneacht d'ola chócaireachta úsáidte allmhairithe tráth a dhéantar rialuithe oifigiúla ar an gcoinsíneacht ag poist rialaithe teorann iontrála chuig an Aontas agus ceanglais maidir le bunaíocht tionscnaimh ola cócaireachta úsáidte.
- (7) Chun teacht isteach ola cócaireachta úsáidte sa slabhra beatha le haghaidh ainmhithe feirmshaothraithe a chosc, ba cheart coinsíneachtaí d'ola chócaireachta úsáidte a allmhairítear ó thríú tíortha a bheith faoi réir na gcoinníollacha chun faireachán a dhéanamh ar iompar agus ar theacht coinsíneachtaí d'earraí áirithe, idir an post rialaithe teorann an teachta agus an bhunaíocht cinn scríbe san Aontas dá dtagraítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1666 ón gCoimisiún, ach amháin má bhogtar ola chócaireachta úsáidte le córas iompair iata⁽³⁾.
- (8) Ba cheart feidhm a bheith ag na rialuithe sin freisin i gcás ina dtéitear nó ina leáitear an ola chócaireachta úsáidte i ngléasra formheasta a dhéanann gníomhaíochtaí idirmheánacha, nó ina stóráiltear go sealadach í i ngléasra stórála idirmheánach formheasta sula gcoinsínítear chuig an gceann scríbe deiridh í i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1666, ach amháin má bhogtar ola chócaireachta úsáidte le córas iompair iata.
- (9) Chun na ceanglais allmhairiúcháin le haghaidh ola chócaireachta úsáidte a chomhchuíbhiú, ba cheart dearbhú caighdeánach nua a thabhairt isteach in Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 atá le bheith i gceangal le coinsíneachtaí d'ola chócaireachta úsáidte tráth a dhéantar rialuithe oifigiúla ar an gcoinsíneacht ag poist rialaithe teorann iontrála chuig an Aontas.
- (10) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a leasú dá réir sin.
- (11) Is iomchuí am leordhóthanach a sholáthar do na hoibreoirí agus do na húdaráis inniúla chun na nósanna imeachta atá ann cheana a ailíniú leis na ceanglais chomhchuíbhithe maidir le hallmhairiú ola cócaireachta úsáidte a leagtar amach sa Rialachán seo. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 19 Samhain 2027.
- (12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní I, XIV agus XV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

⁽³⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1666 ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coinníollacha chun faireachán a dhéanamh ar iompar agus ar theacht coinsíneachtaí d'earraí áirithe, idir post rialaithe teorann an teachta agus an bhunaíocht cinn scríbe san Aontas (IO L 255, 4.10.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/1666/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 19 Samhain 2027.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní I, XIV agus XV den Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn I, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

- ‘62. ciallaíonn “ola chócaireachta úsáidte” codán ola dramhaíola lónadóireachta d’ábhar Chatagóir 3 a bhfuil ábhair de bhunadh ainmhíoch ann nó a bhfuil sé comhdhéanta d’ábhair de bhunadh ainmhíoch dá dtagraítear in Airteagal 10, pointe (p), de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009.’;

(2) in Iarscríbhinn XIV, leasaítear Caibidil II mar a leanas:

(a) i Roinn 1, i dTábla 2, cuirtear isteach an ró seo a leanas:

Uimh.	Táirge	Amhábhair (tagairt d’fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009)	Coinníollacha allmhairiúcháin agus idirthurais	Liostaí na dtríú tíortha	Deimhnithe/ doiciméid chaighdeánacha
‘21	Ola chócair-eachta úsáidte	Ábhar de Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airteagal 10, pointe (p) de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn 1, pointe 62.	Comhlíonfaidh an ola chócaireachta úsáidte na ceanglais a leagtar amach i Roinn 13.	Aon tríú tír.	Iarscríbhinn XV, Caibidil 22.’

(b) cuirtear an roinn seo a leanas léi:

Roinn 13

Allmhairí ola cócaireachta úsáidte

Féadfar ola chócaireachta úsáidte d’ábhar Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airteagal 10, pointe (p), de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 a allmhairiú ar choinníoll go gcomhlíonann coinsíneacht na ceanglais seo a leanas:

- (a) tá sí de thionscnamh bunaíochta nó gléasra atá formheasta nó cláraithe i dtríú tír;
- (b) tar éis na rialuithe oifigiúla ar an gcoinsíneacht a leagtar síos in Airteagal 49(1) de Rialachán (AE) 2017/625, ach amháin má bhogtar í le córas iompair iata, rud nach bhféadfaí teacht timpeall air agus atá údaraithe ag an údarás inniúil, iompraítear an choinsíneacht agus déantar faireachán uirthi i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1666 chuig an ngléasra cinn scríbe:
- (i) tá sí formheasta chun bithdhíosal nó breoslaí in-athnuaite a phróiseáil i gcomhréir le hAirteagal 24(1), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009;
 - (ii) tá sí formheasta chun ola chócaireachta úsáidte a láimhseáil i gcomhréir le hAirteagal 24(1), pointe (h), de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009;
 - (iii) tá sí formheasta chun ola chócaireachta úsáidte a stóráil i gcomhréir le hAirteagal 24(1), pointe (i), de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009; nó
 - (iv) tá sí cláraithe le haghaidh gníomhaíochtaí oilécheimiceacha i gcomhréir le hAirteagal 23(1), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009.
- (c) rinneadh í a scagadh sular seoladh í nó rinneadh í a dheighilt go fisiceach ó eilimintí neamhola, lena n-áirítear uisce agus cáithníní soladacha atá níos mó ná 6 mm, chun méid comhcheangailte taise agus cáithníní soladacha nach mó ná 10 % w/w (*) a bhaint amach tráth a seolta;

- (d) tráth a dhéantar rialuithe oifigiúla ag post rialaithe teorann tá dearbhú ón allmhaireoir ag gabháil léi, dearbhú a tharraingítear suas i gcomhréir leis an Dearbhú caighdeánach a leagtar amach i gCaibidil 22 d'Iarscríbhinn XV i gceann amháin ar a laghad de theangacha oifigiúla an Bhallstáit a ndéanfar an rialú oifigiúil ag an bpost rialaithe teorann inti, agus i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Bhallstáit cinn scribe.

(*) % w/w: céatadán de mheáchan/meáchan, tiúchan arna sloinneadh mar mheáchan tuaslagtha i meáchan tuaslagáin áirithe.;

- (3) in Iarscríbhinn XV, cuirtear an chaibidil seo a leanas léi:

'CAIBIDIL 22

Dearbhú caighdeánach

Dearbhú ón allmhaireoir maidir le hola chócaireachta úsáidte atá beartaithe lena hallmhairiú ⁽¹⁾/ le haghaidh idirthurais tríd ⁽¹⁾ an Aontas Eorpach

TÍR		dearbhu don Aontas Eorpach	
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	I.1	Coinsíneoir/Onnmhaireoir Ainm Seoladh Tír Cód tíre ISO	I.2 Tagairt an deimhnithe I.3 Údarás Inniúil Lárnach I.4 Údarás Inniúil Áitiúil
	I.5	Coinsíní/Allmhaireoir Ainm Seoladh Tír Cód tíre ISO	I.2a Tagairt CBFRO CÓD QR
	I.6	An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht Ainm Seoladh Tír Cód tíre ISO	
	I.7	An tír thionscnaimh Cód tíre ISO	I.9 An tír cinn scríbe Cód tíre ISO
	I.8	An réigiún tionscnaimh Cód	I.10 An réigiún cinn scríbe Cód
	I.11	Áit seolta Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Seoladh Tír Cód tíre ISO	I.12 Ceann scríbe Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Seoladh Tír Cód tíre ISO
	I.13	Ionad luchtaithe	I.14 Dáta agus am imeachta
	I.15	Modh iompair ☐ Aerárthach ☐ Soitheach ☐ Iarnród ☐ Feithicil bhóthair Aitheantas	I.16 Post Rialaithe Teorann um Theacht Isteach I.17 Doiciméid tionlacain Saghas Cód Tír Cód tíre ISO Tagairt doiciméid tráchtála
	I.18	Coinníollacha iompair ☐ Comhthimpeallach ☐ Fuaraithe ☐ Reoite	
	I.19	Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala Uimh. an choimeádáin Uimhir shéala	
	I.20	Deimhnithe mar nó le haghaidh ☐ Úsáid theicniúil	
	I.21	☐ Le haghaidh idirthurais Tríú tír Cód tíre ISO	I.22 ☐ Le haghaidh an mhargaidh inmheánaigh I.23 ☐ Le haghaidh teacht isteach an athuair
I.24	An líon iomlán pacáistí	I.25 Caimníocht iomlán	I.26 Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán
I.27	Tuairisc ar an gcoinsíneacht Cód AC Catagóir Córas aitheantais Uimhir Aitheantais Caimníocht Saghas Marc aitheantais Cineál pacáistíochta An líon pacáistí Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid		

Tír		dearbhú caighdeánach	
Cuid II: Deimhníú	II. Faisnéis sláinte	II.a Tagairt an deimhnithe	II.b Tagairt CBFRO
	DEARBHÚ		
	Dearbhaím, a bhfuil mo shíniú anseo thíos, an méid seo a leanas:		
	1. Is eol dom go bhfuil toirmeasc ar ainmhithe feirmshaothraithe a bheathú le hola chócaireachta úsáidte nó táirgí a dhíorthaítear astu i gcomhréir le hAirteagal 11(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009.		
	2. Rinneadh an ola chócaireachta úsáidte d’ábhar Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airteagal 10, pointe (p), de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 den choinsíneacht seo a scagadh sular seoladh í, nó rinneadh í a dheighilt go fisiceach ó eilimintí neamhola, lena n-áirítear uisce agus cáithníní soladacha atá níos mó ná 6 mm, chun méid comhcheangailte taise agus cáithníní soladacha nach mó ná 10 % w/w* a bhaint amach (<i>cuir an chóireáil in iúl</i>):		
	;		
	3. Tá socruithe déanta chun a áirithiú go n-iomprófar an choinsíneacht sin d’ola chócaireachta úsáidte agus go ndéanfar faireachán uirthi i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1666 ón gCoimisiún ón bpost rialaithe teorann maidir le teacht isteach san Aontas Eorpach		
	⁽¹⁾ [go díreach chuig an ngléasra ag an gceann scríbe atá formheasta i gcomhréir le hAirteagal 24(1), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 chun í a phróiseáil ina bithdhíosal nó ina breoslaí in-athnuaite.]		
	^{(1)nó} [go díreach chuig gléasra ina ndéantar gníomhaíochtaí oilécheimiceacha atá cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 23(1), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009.]]		
	^{(1)nó} chuig		
⁽¹⁾ [gléasra ina ndéantar gníomhaíochtaí idirmheánacha agus stóráil atá formheasta i gcomhréir le hAirteagal 24(1), pointí (h) de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 chun ola chócaireachta úsáidte a láimhseáil agus a stóráil.]]			
^{(1)agus/nó} [gléasra stórála atá formheasta i gcomhréir le hAirteagal 24(1), pointe (i), de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 chun ola chócaireachta úsáide a stóráil.]]			
Nótaí:			
Tá an dearbhú seo chun críoch tréidliachta amháin agus ní mór é a bheith ag gabháil leis an gcoinsíneacht go dtí go sroichfidh sí an post rialaithe teorann agus ní mór é a eisiúint i dteanga oifigiúil amháin ar a laghad de chuid an Bhallstáit trína dtéann an choinsíneacht isteach san Aontas den chéad uair agus ní mór é a eisiúint i dteanga oifigiúil amháin ar a laghad de chuid an Bhallstáit cinn scríbe.			
Cuid I:			
— Tagairt bhosca I.11 & I.12: Uimhir formheasa: cláruimhir oifigiúil na bunaíochta nó an ghléasra, arna sannadh ag an údarás inniúil.			
— Tagairt bhosca I.27: Cód AC ⁽³⁾ : 1518 00 95 nó 3825 10 00.			
Cainníocht: ollmheáchan agus glanmheáchan in kg.			
Cuid II:			
⁽¹⁾ Scrios de réir mar is iomchuí.			
⁽²⁾ Ní mór dath an tsínithe a bheith difriúil ó dhath an chló.			
⁽³⁾ Cód AC dá dtagraítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/632 ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le liostaí na n-ainmhithe, na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch, na dtáirgí geirmeacha, na seachtháirgí ainmhithe agus na dtáirgí díorthaithe, na dtáirgí ilchodacha, mar aon le féar tirim agus tuí atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2007 ón gCoimisiún agus Cinneadh 2007/275/CE ón gCoimisiún (IO L 132, 19.4.2021, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/632/oj).			
An tAllmhaireoir			
Ainm (i gceannlitreacha)			
Dáta		Seoladh	
Áit		Síniú’	